C/2026/1394

6.3.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1394)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Isère'

PGI-FR-A1153-AM02

Dáta na teachtaireachta: 11.12.2025

1. **Ainm an táirge**

'Isère'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Biotáille

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Is é is cúis leis sin nach meastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe sin de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) ní leasaítear leo an t-ainm, úsáid an ainm, ná na táirgí ná na catagóirí táirge arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach a dtugtar tuairisc air sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Téarmaí agus aonaid gheografacha bhreise*

I Roinn I, pointe 2) den tsonraíocht táirge, rinneadh ceartúchán eagarthóireachta ar ainm an aonaid gheografaigh níos lú 'Balmes Dauphinoises' ionas go dtosaíonn 'Dauphinoises' le ceannlitir.

Rinneadh an ceartúchán sin ar fud an doiciméid aonair, faoi na ceannteidil 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)', 'Limistéar geografach', 'Nasc leis an limistéar geografach', agus 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise – Lipéadú'.

Cuireadh aonad geografach nua níos lú, 'Trièves', isteach. Sainmhínítear an t-aonad geografach sin i bpointí éagsúla de Roinn I den tsonraíocht táirge: pointí 2 'Téarmaí agus aonaid gheografacha bhreise', 3 'Tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta, 4 "Limistéar geografach táirgeachta", agus 8 "Nasc leis an limistéar geografach".

Leis an aonad geografach nua sin, is féidir críoch chríochaithe shonrach i ndeisceart Roinn Isère a chur i dtábhacht. Tá rátáil ard ag na fíonta dearga, ag na fíonta geala agus ag na fíonta *rosé* a tháirgtear agus tá eolas maith orthu, mar sin tá údar leis an gcinneadh an aonad geografach nua níos lú sin a chur i dtábhacht.

Cuireadh an t-aonad geografach níos lú "Trièves" isteach sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil seo a leanas: "Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)", "Limistéar geografach", "Tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach", "Coinníollacha breise – Lipéadú".

2. *Tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta*

I Roinn I(3.3) den tsonraíocht, forlíonadh tuairiscí orgánaileipteacha na bhfíonta i gcás na bhfíonta uile (dathanna agus aonaid gheografacha níos lú) agus le haghaidh gach tuairisceora (dath, dea-bholadh agus blas), lena n-áirítear an t-aonad geografach nua níos lú "Trièves".

Leasaíodh an doiciméad aonair sa roinn "Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)".

3. *Limistéar geografach táirgeachta*

I Roinn I(4.1), cuireadh tagairt do Chód Geografach Oifigiúil 2023 sa sainmhíniú ar an limistéar geografach táirgeachta.

Leis an gceartúchán eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a fhoilsíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil do theorainn an limistéar geografach.

Tugadh liosta na mbardas ina bhfuil an limistéar geografach, lena n-áirítear a n-ainmneacha, cothrom le dáta, gan aon athruithe a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Cuireadh abairt isteach freisin ina bhfuil an fhaisnéis lena gcuirtear in iúl go bhfuil léarscáileanna a chumhdaíonn an limistéar geografach ar fáil ar shuíomh gréasáin INAO.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoi na ceannteidil "Limistéar geografach sainithe" agus "Coinníollacha fíor-riachtanacha eile".

4. *Limistéar díreach in aice láimhe*

I Roinn I(4.2) den tsonraíocht táirge, rinneadh ceartúchán eagarthóireachta ionas go liostaítear na bardais uile a chomhdhéanann an limistéar, gan an teorainn a athrú.

Sonraíodh freisin go bhfuil liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2023.

Leis an gceartúchán eagarthóireachta sin is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shainaithint faoi threoir leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE.

Leis an tagairt sin cuirtear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil don sainmhíniú ar an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal "Coinníollacha breise – Limistéar díreach in aice láimhe".

5. *Cineálacha fíniúna*

I gCaibidil I(5) den tsonraíocht táirge, scriosadh na focail “Chun fíonta dearga agus fíonta *rosé* a tháirgeadh” agus “Chun fíonta geala a tháirgeadh”. Is é is cúis leis an scriosadh sin gur féidir cineálacha fíniúna gile a úsáid i gcumaisc chun fíonta dearga agus fíonta *rosé* a tháirgeadh chun fíonta níos cothroime a bhaint amach.

Cuireadh 14 chineál nua isteach freisin: Bia B, Clairette B, Gringet B, Marsanne B, Romorantin B, Chatus N, Dureza N, Durif N, Feunate N, Mollard N, Mornen N, Onchette N, Robin N, Sérénèze N.

Tá na 14 chineál sin a bhfuil láithreacht stairiúil acu in Isère úsáideach chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Is cineálacha déanacha iad atá frithsheasmhach in aghaidh galar a chuireann aigéadacht agus úire le cumaisc.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal “Cineálacha fíonchaor”.

6. *Toradh uastáirgeachta*

I Roinn I(6) den tsonraíocht táirge, rinneadh ceartúchán eagarthóireachta le tagairt do liosta na n-aonad geografach níos lú a údaraítear leis an tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

7. *Bearta idirthréimhseacha maidir le cineálacha fíniúna*

I Roinn I(7) den tsonraíocht táirge, rinneadh ceartúchán eagarthóireachta chun an dáta beacht ar a dtagann an beart idirthréimhseach i bhfeidhm a chur in ionad na tagartha do “dáta formheasa na sonraíochta táirge” agus chun na fíonta de thionscnamh na n-aonad geografach ábhartha níos lú a áireamh. Fíonghoirt a bhfuil Cabernet Sauvignon N, Merlot N, Aligoté B, Gamay de Chaudenay N agus Gamay de Bouze N curtha iontu ón 2 Samhain 2011, féadfar leanúint dá n-áireamh san TGFC “Isère”, a bhféadfar nó nach bhféadfar a fhorlíonadh leis na haonaid gheografacha níos lú “Balmes Dauphinoises” nó “Coteaux du Grésivaudan”, ar feadh tréimhse 25 bliana, i.e. go dtí an 2 Samhain 2036.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

8. *Nasc leis an limistéar geografach*

Leasaíodh Caibidil I(8) den tsonraíocht táirge mar a leanas:

— I bpointe 8.1, cuireadh gnéithe sonracha an aonaid gheografaigh nua “Trièves” isteach;

— I bpointe 8.2, tugadh mionsonraí na hearnála cothrom le dáta. Cuireadh isteach saintréithe gach ceann de na fíonta (le haghaidh gach datha agus gach aonaid gheografaigh níos lú);

— I bpointe 8.3, leasaíodh an tuairisc ar an nasc cúisíoch le saintréithe an aonaid gheografaigh nua níos lú “Trièves”.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal “Nasc leis an limistéar geografach”.

9. *Comhlacht rialúcháin*

I Roinn II de Chaibidil III den tsonraíocht táirge, tugadh seoladh an chomhlachta rialúcháin cothrom le dáta.

Ní bhaineann an leasú sin leis an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Isère

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC - Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíonta ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. ***Fíonta socra geala***

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 9,5 % de réir toirte ag na fíonta. Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos na luachanna (íosta agus uasta) le haghaidh aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, dé-ocsaíd sulfair iomlán agus neart alcóil iomlán de réir toirte.

Is fíonta tirime den chuid is mó iad na fíonta socra geala a tháirgtear, a dtugtar suntas dóibh mar gheall ar a n-úire agus a bhfíneáltacht aramatach, a ndath idir buí éadrom agus órga agus bíonn dea-bholaithe torthaíocha léiritheacha le brath orthu sa tsrón. Sa bhéal, bíonn siad sainiúil mar gheall ar a mianracht agus a ndea-bholaithe bláthanna bána, agus bíonn cothromaíocht mhaith idir saill agus aigéadacht i gceist leo. Is féidir iad a chur i láthair uaireanta mar licéir nó mar fhíonta maothaithe, nó le brat giosta orthu.

Bíonn na fíonta geala milse measartha úr agus siúcrúil, bíonn dea-bholaithe casta orthu agus bíonn siad oiriúnach lena n-aosú. Bíonn an dath idir buí na tuí agus ómra éadrom. Ó thaobh bolaidh de bíonn mill le brath orthu, lena ngabhann mionbholaithe bláthacha.

Bíonn tainniní láidre ag na fíonta geala maothaithe mar aon le fad agus fíneáltacht, agus gabhann mionbholaithe citris leis na dea-bholaithe. Bíonn dath scothoráiste orthu, agus bíonn mionbholaithe torthaí citris agus spíosracha le brath orthu ó thaobh bolaidh de.

Bíonn dath buí lena ngabhann imireacha glasa ar na fíonta geala a tháirgtear in aonad geografach "Coteaux du Grésivaudan". Bíonn dea-bholaithe torthaí citris úra agus bláthanna bána le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Ag brath ar an gcineál coipthe, bíonn na dea-bholaithe sin sa raon idir líomóid bhuí aibí agus péitseog bhán, lena ngabhann mionbholaithe cainche, cnónna coill agus gallchnónna úra. Bíonn siad glan agus úr sa bhéal, agus bíonn beocht chothrom i gceist leo.

Maidir le haonad geografach "Balmes Dauphinoises", bíonn dath buí éadrom ar a fhíonta geala agus bíonn dea-bholaithe torthaí bána le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Bíonn siad dea-mhaothlach sa bhéal agus bíonn cothromaíocht mhaith idir saill agus aigéadacht i gceist leo.

Bíonn dath buí éadrom ar na fíonta geala ó aonad geografach "Trièves" agus bíonn dea-bholaithe torthaí buí le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Bíonn siad dea-aibí sa bhéal (idir líomóid úr agus líomóid bhuí mheala), bíonn alcól meánach dea-chomhtháite acu. Bíonn mionbholaithe bláthanna bána i gceist (idir bláthanna bána agus bláthanna triomaithe a insiltear go héadrom ag brath ar na bunfhíonta). Bíonn raon aibíochta i gceist leis na dea-bholaithe ag brath ar na cineálacha fíniúna.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. ***Fíonta dearga socra***

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 9,5 % de réir toirte ag na fíonta. Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos na luachanna (íosta agus uasta) le haghaidh aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, dé-ocsaíd sulfair iomlán agus neart alcóil iomlán de réir toirte.

Bíonn blasanna torthaí le brath ó thaobh bolaidh de ar na fíonta socra dearga, den chuid is mó, a bhaineann go sonrach leis an gcineál/na cineálacha fíniúna a úsáidtear. Braitheann na dea-bholaithe ar na cineálacha, lena n-áirítear mionbholaithe spíosracha ó thaobh bolaidh de agus mionbhlasanna sa bhéal, lena ngabhann struchtúr maith tainneach agus dathanna sa raon idir dath caordhearg agus dath an ghairnéid. Féadfar líon beag fíonchaor gheal a úsáid chun fíneáltacht agus úire a chur leo.

Bíonn dath an ghairnéid ar na fíonta dearga a tháirgtear in aonad geografach "Coteaux du Grésivaudan". Bíonn dea-bholaithe torthaíocha idir úr agus dian le brath orthu ó thaobh bolaidh de, ina gcumasctar torthaí dubha (amhail cuiríní dubha) le spíosraí (amhail piobar bán). D'fhéadfadh mionbholaithe saibhre leathair teacht chun cinn nuair a úsáidtear cineálacha áirithe fíniúna. Bíonn blas comhchuí orthu mar thoradh ar chothromaíocht mhaith idir úire agus alcól. Bíonn na tainniní idir mín agus meánach ag brath ar na bunfhíonta. Bíonn siad comhtháite go héadrom sa raon aramatach.

Maidir leis an aonad geografach "Balmes Dauphinoises", is minic a bhíonn dath domhain ar a fhíonta dearga agus is minic mionbholaithe torthaí dearga a bheith le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Bíonn mionbhlasanna níos déine agus níos tiubhaithe torthaí dearga go dubha sa bhéal orthu, mar aon le mionbhlasanna spíosracha meánacha uaireanta ag brath ar struchtúr na mbunfhíonta. D'fhéadfadh mionbhlasanna balsamacha forbairt agus iad sna humair stórála.

Bíonn dath caordhearg ar na fíonta dearga a tháirgtear san aonad geografach "Trièves", mar aon le dea-bholaithe úire agus torthaí briosca, agus aigéadacht mhaith. D'fhéadfadh dath an ghairnéid a bheith orthu freisin, mar aon le dea-bholaithe boga, tainniní míne agus dea-bholaithe torthaí dubha a bhíonn i leith mionbholaithe subhúla.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. ***Fíonta socra*** rosé

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 9,5 % de réir toirte ag na fíonta. Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos na luachanna (íosta agus uasta) le haghaidh aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, dé-ocsaíd sulfair iomlán agus neart alcóil iomlán de réir toirte.

Bíonn dea-bholaithe citris agus torthaí dearga le brath ar na fíonta socra *rosé* ó thaobh bolaidh de, a mbíonn alcól íseal ach blas maith sa bhéal i gceist leo, agus a mbíonn imireacha bándearga idir péitseog agus cuiríní dearga doimhne orthu.

Bíonn imireacha bándearga ar dhath idir sú craobh éadrom agus cuiríní dearga doimhne ar na fíonta *rosé* a tháirgtear in aonad geografach "Coteaux du Grésivaudan. Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga (amhail cuirín dearg) agus mionbholaithe péitseoige báine le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Bíonn siad cothrom ar bhealach atá taitneamhach sa bhéal agus alcól idir íseal agus meánach agus aigéadacht mheasartha i gceist leo.

Bíonn imireacha bándearga ar dhath idir péitseog agus cuiríní dearga ar na fíonta *rosé* ó aonad geografach 'Balmes Dauphinoises'. Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga (mar shampla, sú craobh agus cuiríní dearga) le brath orthu ó thaobh bolaidh de, agus bíonn rian bláthach le brath orthu i gcás roinnt bunfhíonta. Soláthraíonn an t-alcól meánach agus an aigéadacht íseal míne sa bhéal.

Bíonn imireacha ar dhath idir bándearg agus caordhearg éadrom agus cuiríní dearga ar na fíonta *rosé* a tháirgtear i limistéar geografach 'Trièves'. Bíonn na dea-bholaithe sa raon idir citreas úr agus cuirín dearg torthaíoch ó thaobh bolaidh de. Bíonn na fíonta sin sách íseal ó thaobh alcóil de agus deas úr.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha uile a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh laistigh de Roinn Isère. Chun go gcáileoidh fíonta don TGFC 'Isère' arna fhorlíonadh le hainm an aonaid gheografaigh 'Balmes Dauphinoises', ní mór na fíonchaora a bhuain laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas i Roinn Isère: (liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2023) ANNOISIN-CHATELANS, AOSTE, ARANDON-PASSINS, (LES) AVENIERES VEYRINS-THUELLIN, (LA) BALME-LES-GROTTES, (LE) BOUCHAGE, BOURGOIN-JALLIEU, BOUVESSE-QUIRIEU, BRANGUES, CESSIEU, (LA) CHAPELLE-DE-LA-TOUR, CHARETTE, CHIMILIN, CHOZEAU, CORBELIN, COURTENAY, CREMIEU, CREYS-MÉPIEU, DIZIMIEU, DOLOMIEU, FAVERGES-DE-LA TOUR, GRANIEU, HIÈRES-SUR-AMBY, LEYRIEU, MONTALIEU-VERCIEU, MONTCARRA, MORAS, MORESTEL, OPTEVOZ, PARMILIEU, PORCIEU-AMBLAGNIEU, ROCHETOIRIN, ROMAGNIEU, RUY MONTCEAU, SAINT-ALBAN-DE-ROCHE, SAINT-BAUDILLE-DE-LA-TOUR, SAINT-CHEF, SAINT HILAIRE-DE-BRENS, SAINT-MARCEL-BEL-ACCUEIL, SAINT-ROMAIN-DE-JALIONAS, SAINT-SAVIN, SAINT-SORLIN-DE-MORESTEL, SAINT-VICTOR-DE-MORESTEL, SALAGNON, SERMÉRIEU, SICCIEU-SAINT-JULIEN-ET-CARISIEU, SOLEYMIEU, TREPT, VASSELIN, VÉNÉRIEU, VERNAS, VERTRIEU, VEYSSILIEU, VÉZERONCE-CURTIN, VIGNIEU, VILLEMOIRIEU.

Chun go gcáileoidh fíonta don TGFC 'Isère' arna fhorlíonadh le hainm an aonaid gheografaigh 'Coteaux du Grésivaudan', ní mór na fíonchaora a bhuain laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas i Roinn Isère: (liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2023) (LES) ADRETS, ALLEVARD, BARRAUX, BEAUCROISSANT, BERNIN, BIVIERS, (LA) BUISSE, (LA) BUISSIÈRE, (LE) CHAMP-PRÈS-FROGES, CHAMROUSSE, CHAPAREILLAN, (LA) CHAPELLE-DU-BARD, CHARNÈCLES, (LE) CHEYLAS, CLAIX, (LA) COMBE-DE-LANCEY, CORENC, COUBLEVIE, CRAS, CRÊTS EN BELLEDONNE, CROLLES, DOMÈNE, (LA) FLACHÈRE, FONTAINE, FONTANIL-CORNILLON, FROGES, GIÈRES, GONCELIN, GRENOBLE, LE GUA, HURTIÈRES, IZEAUX, LAVAL-EN-BELLEDONNE, LUMBIN, MEYLAN, MOIRANS, MONT SAINT MARTIN, MONTBONNOT-SAINT-MARTIN, MORETTE, (LE) MOUTARET, (LA) MURETTE, MURIANETTE, NOYAREY, (LA) PIERRE, POLIÉNAS, (LE) PONT-DE-CLAIX, PONTCHARRA, QUINCIEU, RÉAUMONT, RENAGE, REVEL, RIVES, (LA) RIVIÈRE, SAINT-BLAISE-DU-BUIS, SAINT-CASSIEN, SAINT-EGRÈVE, SAINT-ÉTIENNE-DE-CROSSEY, SAINT-ISMIER, SAINT-JEAN-DE-MOIRANS, SAINT-JEAN-LE-VIEUX, SAINT-MARTIN-D" URIAGE, SAINT-MARTIN-LE-VINOUX, SAINT-MAXIMIN, SAINT-MURY-MONTEYMOND, SAINT-NAZAIRE-LES-EYMES, SAINT-PAUL-D'IZEAUX, SAINT-PAUL-DE-VARCES, SAINT-QUENTIN-SUR-ISÈRE, SAINT-VINCENT-DE-MERCUZE, SAINTE-AGNÈS, SAINTE-MARIE-D'ALLOIX, SASSENAGE, SEYSSINET-PARISET, SEYSSINS, TENCIN, (LA) TERRASSE, THEYS, (LE) TOUVET, (LA) TRONCHE, TULLINS, VARCES ALLIÈRES ET RISSET, VATILIEU, VENON, LE VERSOUD, VEUREY-VOROIZE, VIF, VILLARD-BONNOT, VOIRON, VOREPPE, VOUREY.

Chun go gcáileoidh fíonta don TGFC “Isère” arna fhorlíonadh le hainm an aonaid gheografaigh “Trièves”, ní mór na fíonchaora a bhuain laistigh de chríoch na mbardas seo a leanas i Roinn Isère: (liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2023) AVIGNONET, CHÂTEAU-BERNARD, CHÂTEL-EN-TRIÈVES, CHICHILIANNE, CLELLES, CORNILLON-EN-TRIÈVES, GRESSE-EN-VERCORS, LALLEY, LAVARS, MENS, MONESTIER-DE-CLERMONT, MONESTIER-DU-PERCY, (LE) PERCY, PRÉBOIS, ROISSARD, SAINT-ANDÉOL, SAINT-BAUDILLE-ET-PIPET, SAINT-GUILLAUME, SAINT-JEAN-D'HÉRANS, SAINT-MARTIN-DE-CLELLES, SAINT-MARTIN-DE-LA-CLUZE, SAINT-MAURICE-EN-TRIÈVES, SAINT-MICHEL-LES PORTES, SAINT-PAUL-LÈS-MONESTIER, SINARD, TREFFORT, TRÉMINIS.

Is féidir rochtain a fháil ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin INAO.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Altesse B

Arvine B - Petite Arvine

Bia B - Bia blanc

Chardonnay B

Chatus N

Clairette B

Corbeau N - Douce noire

Dureza N

Durif N

Etraire de la Dui N

Feunate N

Gamay N

Gringet B

Jacquère B

Joubertin

Marsanne B

Mollard N

Mondeuse N

Mondeuse blanche B

Mornen N

Mècle N - Mescle

Onchette N

Persan N

Pinot Gris G

Pinot Noir N

Robin noir N

Romorantin B - Danery

Roussanne B

Servanin N

Syrah N - Shiraz

Sérénèze N

Velteliner rouge précoce Rs

Verdesse B

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Gnéithe sonracha an limistéir gheografaigh*

Tá an limistéar geografach suite laistigh de chríoch Roinn Isère, i gceathrú oirdheisceart na Fraince, i réigiún Rhône-Alps. Síneann an chuid thoir trasna mhasaíf na nAlp, agus is éard atá sa chuid thiar cnoic níos measartha chomh fada le gleann an Róin.

Is éard atá sa chuid Alpach sléibhte ag airdí os cionn 2 000 m atá scartha le gleannta leathana. Is de bhunadh cailcreach iad na sléibhte is faide siar (Chartreuse, Vercors, Dévoly), agus is sléibhte eibhreacha iad na sléibhte is faide soir (Belledonne, Ecrins). Tá na gleannta, a ghearr na hoighearshruthanna sa tréimhse Cheathartha, leathan agus domhain, agus is minic a bhíonn urlár cothrom iontu. Tá moiréin oighreacha ar fud na ngleannta, ina mbíonn dríodair locha uaireanta.

Idir na hAlpa agus gleann na Róine, tá substráit mholáis i réigiún cnocach Bas-Dauphiné ón tréimhse Threasach (gaineamhchloch de thionscnamh chreimeadh na nAlp), atá faoi cheilt i bpáirt ag mórfhoirmíochtaí moiréin Cheathartha a eagraítear in iomairí a chruthaíonn cnoic fhadaithe (a shíneann 700 m ar an taobh thoir agus 300 m ar an taobh thiar) agus mánna riascacha leathana. Ó thuaidh, is ardchlár aolchloiche ardaithe (400 m go 450 m) é Île Crémieu ag a bhfuil fánaí saor ó mhoiréin.

Is gné an-mhór sa limistéar sin iad na foirmíochtaí moiréin. Is minic a bhíonn na sraitheanna níos doimhne an-chlochach, agus is iondúil go mbíonn cion ard cré iontu, rud a fhágann go mbíonn siad neamhscagach. Tá na hithreacha créúil agus aigéadach. I ngaobhar shléibhte na nAlp de thionscnamh cailcreach, d'fhorbair na fíonghoirt ar scileach aolchloiche, áit a bhfuil na hithreacha éadomhain ach dea-dhraenáilte.

Tá aeráid aigéanach ag Isère, a mbaineann tionchar sléibhtiúil léi san oirthear agus tionchar Meánmhuirí ar an má. Tá an fhrasaíocht bhliantúil thart ar 900 mm agus faigheann sé thart ar 2 050 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Tá an mheánteocht bhliantúil thart ar 12° C in Grenoble, le difríochtaí suntasacha sa raon teochta idir lá agus oíche, agus ag amanna éagsúla den bhliain.

Is déanach a thosaíonn séasúr fáis na bhfíniúnacha ach cúitítear é sin den chuid is mó leis na samhraí teo. Is réigiún sách gaofar é. Is iad na gnáthghaotha an "Bise" ón tuaisceart agus an "Vent du Midi" ón deisceart.

Bunaíodh na fíonghoirt sna limistéir ina bhfuil na dálaí is fabhraí i dtéarmaí aeráide agus rilífe. Ar an gcúis sin, socraítear fíonghoirt Isère ar nós oileáin bheaga a theorannaítear le limistéir nach bhfuil oiriúnach don fhíonsaothrúchán, amhail sléibhte na nAlp nó na gleannta riascach i limistéar Bas-Dauphiné. Cáilíonn trí cinn de na limistéir sin mar thásca geografacha níos lú:

— Coteaux du Grésivaudan: tá gleann oighreach Grésivaudan suite idir sléibhte Chartreuse, Belledonne agus Vercors. Bunaíodh a fhíonghoirt i mbunchnoic na sléibhte sin agus tá a n-aghaidh soir ó dheas den chuid is mó. Tá leibhéil mhaithe ghréine sa suíomh, agus cuid den aimsir is teo i rith an lae sa Fhrainc (Grenoble) sa samhradh, ach le hoícheanta fionnuara (aer níos fuaire ag teacht anuas ó na sléibhte). Is iad na substráití is coitianta léibhinn oighreacha agus scileach cré-aolchloiche a bhfuil draenáil mhaith iontu.

— Balmes Dauphinoises: ó thuaidh ó La Tour-du-Pin, idir ardchlár Île Crémieu agus gleann na Róine, is éard atá i réigiún Balmes Dauphinoises sraith gleannta atá socraithe i gcomhthreo, a bhfuil a n-aghaidh idir soir agus siar. Tá miocraeráid an-te ag na fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas. Tá ithreacha siliciúla dúrabháin ghainmhigh, gairbhéalacha nó méarógacha mar thoradh ar na substráití de thionscnamh moiréin.

— Trièves: Ar theorainn na nAlp Theas agus an Drôme, is crios idirthurais aeráide é Trièves idir aeráid leath-ilchríochach réigiún Grenoble agus aeráid fho-Mheánmhara shléibhte meánairde Hautes-Alpes. Is éard atá i ngeolaíocht an limistéir cnoic mharla-aolchloiche ina bhfuil ithreacha clochacha agus ardchláir ina bhfuil ithreacha cré ghainmheach ina bhfuil leibhéil ghairbhéil athraitheacha. Tá uaireanta fada gréine in Trièves agus ní thiteann mórán báistí ann.

8.2. *Sainiúlacht an táirge*

Thiar sna 1850í, bhí thart ar 33 000 heicteár faoi fhíniúnacha in Isère, lena n-áirítear roinnt mhaith cineálacha dúchasacha, a bhfástar cuid acu fós sa lá atá inniu ann.

Sna 1930í, cuireadh ceithre fhíonlann chomhoibritheacha ar bun ag a raibh acmhainneacht táirgeachta 12 000 heictilítear, rud a d'fhág go raibh sé indéanta na méideanna a táirgeadh a mhéadú.

Díríonn na fíonsaothraithe ar tháirgeadh fíonta ar ardchaighdeán. Díoltar go héasca iad in Lyon agus Grenoble agus sna ceantair máguaird, rud a sholáthraíonn margadh ráthaithe chun na táirgí sin a thomhailt.

Féadfar na fíonta geala, na fíonta *rosé* nó na fíonta dearga a dhéanamh as cineál aonair nó féadfar iad a bheith comhdhéanta de chumaisc. Tá siad beartaithe lena dtomhailt go luath, cé is moite de roinnt fíonta dearga ag a bhfuil tainniní láidre agus cuid de na fíonta geala milse is neamhchoitianta.

Bhí an t-aschur bliantúil in 2020 thart ar 2 000 hl, i.e. 51 % geal, 45 % dearg agus 4 % *rosé*. Tá an TGFC "Isère" fós ag fás, arna spreagadh ag insreabhadh turasóirí chuig sna hionaid saoire sléibhe sa cheantar máguaird.

Níl aon dabht ach go bhfuil cáilíocht fhíonta an TGFC Isère bunaithe ar shaintréithe orgánaileipteacha na gcineálacha dúchasacha fíniúna nó na gcineálacha fíniúna níos coitianta a roghnaítear, in éineacht leis na dálaí sonracha ithreach agus aeráide atá sa limistéar táirgeachta.

Bíonn na fíonta socra geala tirim agus úr den chuid is mó agus bíonn fíneáltacht aramatach iontach i gceist leo. Ag brath ar na dálaí aeráide, táirgeann na fíonsaothraithe fíonta milse ó fhíonchaora ró-aibí.

Bíonn na fíonta socra dearga torthaíoch ach oiriúnach lena n-aosú mar gheall ar a struchtúr.

Bíonn dea-bholaithe láidre agus saintréith láidir i gceist leis na fíonta socra *rosé*, agus bíonn siad torthaíoch agus bíonn dathanna doimhne orthu.

Coteaux du Grésivaudan: Baineann mianracht shoiléir agus dea-bholaithe bláthanna bána agus torthaí citris leis na fíonta geala. Bíonn dath buí orthu de ghnáth lena ngabhann imireacha glasa. Braitheann pailéad aramatach na bhfíonta dearga ar na cineálacha. Áirítear leis torthaíocht agus mionbholaithe spíosracha ó thaobh bolaidh de, mar aon le struchtúr maith tainneach agus dath ar dhath an ghairnéid. Bíonn dea-bholaithe torthaíocha (torthaí dearga agus péitseog bhán) ar na fíonta *rosé* agus bíonn imireacha idir bándearg níos éadroime agus bándearg níos dorcha orthu.

Tá na saintréithe sonracha sin nasctha leis an aeráid the sna fíonghoirt a bhfuil a n-aghaidheanna soir ó dheas agus na hoícheanta fionnuara, arna dtreisiú ag na sléibhte ag breathnú amach ar na fánaí sciligh ina bhfuil ithreacha cré-aolchloiche.

Balmes Dauphinoises: Tá dea-bholaithe torthaí bána sa bholadh, dath buí éadrom agus maothlachas taitneamhach ag na fíonta geala, rud a chiallaíonn gur féidir taitneamh a bhaint astu go luath tar éis na gcéimeanna fíonóireachta agus buidéalaithe a bheith críochnaithe. Agus iad meánoiriúnach lena n-aosú, bíonn cothromaíocht mhaith idir saill agus aigéadacht i gceist leo. Is gnách go mbíonn na fíonta dearga, a mbíonn dath an-dorcha orthu go minic, níos éadroime agus go mbíonn dea-bholaithe torthaí dearga le brath orthu ó thaobh bolaidh de. Bíonn siad níos oiriúnaí lena dtomhailt go luath. Mar sin féin, is féidir leo a bheith oiriúnach freisin lena n-aosú mar "vins de garde". Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga ar na fíonta *rosé*, agus bíonn bolaithe bláthacha orthu anois is arís. I dtéarmaí datha, bíonn imireacha bándearga orthu sa raon idir péitseog agus cuiríní dearga.

Tá na saintréithe sonracha sin nasctha leis na hithreacha cnocacha dúrabháin ghainmhigh de thionscnamh moiréin agus le foircinn na haeráide.

